Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Meitheamh 2025**
**(OR. en)**

**9494/25**

**ASILE 47**
**JAI 694**
**MIGR 195**
**COEST 421**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 4 Meitheamh 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 649 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN Bealach chun tosaigh atá intuartha coiteann Eorpach d'Úcránaigh san Aontas |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 649 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 649 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 4.6.2025
COM(2025) 649 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**Bealach chun tosaigh atá intuartha coiteann Eorpach d'Úcránaigh san Aontas**

**Bealach chun tosaigh atá intuartha coiteann Eorpach d'Úcránaigh san Aontas**

## 1. RÉAMHRÁ

Ó thosaigh an cogadh foghach atá an Rúis a chur ar an Úcráin, tá tacaíocht bhuanseasmhach léirithe ag an Aontas Eorpach trína chabhair pholaitiúil, dhaonnúil, mhíleata agus taidhleoireachta, agus trína bheith ar an deontóir airgeadais is mó don Úcráin[1]. An tráth céanna, tá smachtbhannaí ollmhóra gan fasach forchurtha ag an Aontas ar an Rúis agus orthu siúd atá comhpháirteach in iarracht chogaidh na Rúise[2]. Tá teachtaireacht chumhachtach dlúthpháirtíochta seolta ag na Ballstáit agus ag a saoránaigh i leith na hÚcráine agus chuig muintir na hÚcráine atá ag teitheadh ón gcogadh, trí chosaint agus tacaíocht láithreach a chur ar fáil dóibh, lena n-áirítear rochtain ar chóiríocht, ar chúram sláinte, ar oideachas agus ar fhostaíocht. Mar thoradh air sin, tá sábháilteacht, dídean agus deiseanna faighte ag na milliúin daoine easáitithe ón Úcráin ar fud an Aontais.

Le gníomhachtú na Treorach um Chosaint Shealadach[3], leagadh amach cur chuige coiteann de chuid an Aontais, lena dtugtar intuarthacht agus deimhneacht dhlíthiúil do na daoine easáitithe ón Úcráin agus do na Ballstáit araon. Soláthraíodh cosaint láithreach leis agus, an tráth céanna, coisceadh brú breise ar chórais náisiúnta tearmainn atá faoi bhrú cheana féin leis. Dá bhrí sin, tá sé léirithe gur freagairt éifeachtach agus chomhréireach ar na himthosca eisceachtúla í an chosaint shealadach, atá i bhfeidhm faoi láthair go dtí mí an Mhárta 2026.

Ós rud é go bhfuil an staid san Úcráin fós contúirteach, tá an Coimisiún tiomanta do leanúint dá thacaíocht bhuanseasmhach don tír agus dá muintir. Tá naisc láidre cruthaithe ag go leor tairbhithe cosanta sealadaí lena sochaithe óstacha san Aontas, trí fhoghlaim teangacha, fostaíocht, oideachas, tionscnaimh chultúir agus go háirithe imeascadh a leanaí.

Tá cur chuige coiteann leanúnach an Aontais fíor-riachtanach chun comhroinnt chothrom freagrachtaí i measc na mBallstát a áirithiú. Tar éis dlúthchomhairliúcháin leis na Ballstáit faoi threoraíocht Uachtaránacht na Polainne ar an gComhairle, agus tuairimí rialtas na hÚcráine á gcur san áireamh, is gá, dá bhrí sin, síneadh bliana breise a chur leis an gcosaint shealadach, agus an tráth céanna ullmhú do pheirspictíocht níos cobhsaí agus níos buaine a thabhairt do thairbhithe cosanta sealadaí, lena n-áirítear tacú le filleadh sábháilte, deonach agus díniteach ar an Úcráin.

Tá gealladh suntasach eacnamaíoch ag an Úcráin agus, ag féachaint chun cinn ar a téarnamh agus ar a forbairt fhadtéarmach, beidh an tír ag brath níos mó agus níos mó ar thacaíocht a saoránach féin chun an atógáil a spreagadh agus a todhchaí a mhúnlú. Tá a muintir ag teastáil ón Úcráin, mar bhaill ríthábhachtacha dá bpobail, daoine a thugann leo an neart, an taithí agus an athléimneacht is gá chun an saol laethúil agus an comhtháthú sóisialta a athbhunú. Tá gá le bealach coiteann chun cinn, bealach lena gcuirtear intuarthacht agus cobhsaíocht ar fáil agus lena gcinntítear tionchar cothrom ar na Ballstáit. Leis sin, ba cheart dóthain ama a thabhairt do thairbhithe cosanta sealadaí aistriú go stádais dhlíthiúla eile lena léirítear a staid iarbhír ar bhealach níos fearr, mar shampla ar chúiseanna oibre, staidéir nó teaghlaigh, chomh maith le tacaíocht a thabhairt dóibh siúd ar mian leo filleadh ar an Úcráin.

[1] Cúnamh ón Aontas don Úcráin - An Coimisiún Eorpach

[2] Smachtbhannaí glactha tar éis fhogha míleata na Rúise faoin Úcráin - An Coimisiún Eorpach.

[3] Treoir 2001/55/CE ón gComhairle an 20 Iúil 2001 maidir le caighdeáin íosta le cosaint shealadach a thabhairt i gcás mórphlódú isteach de dhaoine easáitithe agus maidir le bearta lena gcuirtear cothromaíocht chun cinn idir iarrachtaí idir Bhallstáit i dtaca leis na daoine sin a ghlacadh agus le hiarmhairtí an ghlactha sin a iompar, L 212/12, 7.8.2001.

Leagtar amach sa Teachtaireacht seo conair choiteann Eorpach do thodhchaí mhuintir na hÚcráine atá san Aontas inniu. Tá tograí ag gabháil léi le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le síneadh a chur leis an gcosaint shealadach, agus le haghaidh Moladh ón gComhairle ina leagtar amach sraith beart chun an bealach a réiteach d'aistriú rianúil dea-chomhordaithe amach as cosaint shealadach agus chun tacú leo siúd ar mian leo filleadh abhaile chun na hÚcráine.

## 2. COSAINT SHEALADACH

Meastar go bhfuil os cionn 4,4 milliún[4] tairbhí cosanta sealadaí[5] in AE+[6], agus tá daoine ag teacht go fóill.

Sna chéad trí mhí de 2025, eisíodh beagnach 142 000 cinneadh lenar deonaíodh cosaint shealadach in AE+, ar mheánráta míosúil de thart ar 47 000 cinneadh[7]. Tá thart ar 800 000[8] duine tar éis filleadh ar an Úcráin ó Bhallstáit, ach is athraitheach iad na gluaiseachtaí atá ann faoi láthair den chuid is mó. Shroich iarratais ar thearmann[9] san Aontas ó mhuintir na hÚcráine beagnach 27 000 in 2024, lenar bhain ráta aitheantais 87 %. Lean na hiarratais de bheith ag méadú sna chéad mhíonna de 2025, agus taisceadh beagnach 6 000 iarratas ar thearmann ó Úcránaigh san Aontas idir mí Eanáir agus mí Feabhra 2025[10].

Leis an Treoir um Chosaint Shealadach, leantar de chreat dlíthiúil fónta a sholáthar chun na caighdeáin chomhchuibhithe chéanna cosanta a chinntiú do na milliúin duine easáitithe ón Úcráin. Léiríonn an staid chontúirteach éiginnte atá ann faoi láthair san Úcráin nach ann faoi láthair do dhálaí sábháilte marthanacha i gcodanna móra den Úcráin dóibh siúd ar mian leo filleadh. Measann UNHCR nach dócha go bhfillfidh formhór na dtairbhithe cosanta sealadaí go deonach sa ghearrthéarma, go príomha mar gheall ar na hábhair imní leanúnacha maidir le sábháilteacht agus slándáil, agus an tráth céanna léiríonn sé imní maidir le cobhsaíocht aon sos cogaidh a d'fhéadfadh a bheith ann. Dá réir sin, tá sé tábhachtach go seasfadh an tAontas lena thiomantas cúnamh a sholáthar dóibh siúd a easáitíodh chomh fada agus is gá, bunaithe ar luachanna na dlúthpháirtíochta, na daonnachta agus na hurraime do chearta an duine. Dá bhrí sin, tá **togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle chun síneadh breise a chur leis an gcosaint shealadach** go ceann bliain eile, go dtí an 4 Márta 2027, á chur i láthair ag an gCoimisiún.

Ós rud é go leanfaidh an tAontas de chosaint shealadach agus de na cearta a eascraíonn aisti a thairiscint, ba cheart a dhearbhú do dhaoine easáitithe ón Úcráin nach bhfuil gá le hiarratas a dhéanamh ar chosaint idirnáisiúnta, ná níl sé riachtanach. Trí shoiléireacht agus deimhneacht dhlíthiúil a thabhairt do thairbhithe cosanta sealadaí, chomh maith le daoine a spreagadh chun aistriú chuig stádais dhlíthiúla eile a léiríonn a staid iarbhír ar bhealach níos fearr, seachnófar brú breise ar chórais náisiúnta tearmainn freisin.

Sna 3 bliana ó cuireadh an Treoir i ngníomh, bhí tionchar míchothrom ar chórais ghlactha na mBallstát ag an ngá atá le foráil a dhéanamh maidir le cosaint shealadach, mar aon leis an

---

[4] I mí an Mhárta 2025, ba iad na Ballstáit a raibh an líon is mó tairbhithe cosanta sealadaí acu ná an Ghearmáin (1 184 890), an Pholainn (997 120), Poblacht na Seice (365 055), an Spáinn (233 825), an Iodáil (165 225) agus an Rómáin (182 835). Nuair nach gcuirtear san áireamh ach Ballstáit an Aontais, tá beagnach 4,3 milliún tairbhí cosanta sealadaí ann.

[5] Eurostat | Sonraí.

[6] Ballstáit den Aontas Eorpach, an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua, an Eilvéis.

[7] − 21 % i gcomparáid leis an meán míosúil a taifeadadh sna chéad 3 mhí de 2024, agus − 24 % i gcomparáid leis an meán míosúil le haghaidh 2024 ar fad. Eurostat | Sonraí.

[8] *IOM DTM Ukraine — Returns Report — General Population Survey Round 20* (Aibreán 2025).

[9] Eurostat | Sonraí.

[10] + 86 % i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2024; Eurostat | Sonraí.

bhféidearthacht tairbhiú de chosaint shealadach sa rogha Ballstáit. Is measa fós an tionchar i gcásanna áirithe mar gheall ar an mbrú breise a bhaineann le déileáil le líon mór iarratas ar thearmann an tráth céanna, chomh maith le saincheisteanna praiticiúla amhail tithíocht. Amach anseo, tá sé tábhachtach leanúint de bheith ag obair chun cothromaíocht níos fearr maidir leis an iarracht a áirithiú i measc na mBallstát.

Go háirithe, ba cheart do na Ballstáit diúltú d'iarrataí ar cheadanna cónaithe ó dhaoine aonair a bhfuil cead cónaithe le haghaidh cosaint shealadach faighte acu cheana féin i mBallstát eile agus atá ag tairbhiú cheana de chearta cosanta sealadaí ar an mbonn sin[11]. Is féidir leis sin cuidiú le hilchlárúcháin le haghaidh cosaint shealadach a sheachaint agus a áirithiú nach mbaintear leas as na cearta a ghabhann leis an gcosaint sin ach in aon Bhallstát amháin in aon am amháin.

## 3. PEIRSPICTÍOCHT MHARTHANACH AGUS TACAÍOCHT A CHUR AR FÁIL D'ÚCRÁNAIGH INA gCUID ROGHANNA

Thar aon ní eile, tá a muintir ag teastáil ón Úcráin, chun snáitheanna na sochaí a athbhunú agus chun a geilleagar agus a bonneagar a atógáil. An tráth céanna, tá saol nua á thógáil ag go leor Úcránaigh easáitithe san Aontas. Tá an Úcráin ag obair go gníomhach chun dálaí fabhracha a chruthú chun a saoránaigh agus a cónaitheoirí a fhilleadh go sábháilte, le tacaíocht ón Aontas, trí dhreasachtaí agus trí fhor-rochtain d'Úcránaigh atá ina gcónaí ar an gcoigríoch. Idir an dá linn, baineann tairbhí leis an rochtain ar fhostaíocht agus ar oideachas a dheonaíonn na Ballstáit ní hamháin dóibh siúd atá incháilithe agus a roghnaíonn fanacht san Aontas ach dóibh siúd a bhfuil sé beartaithe acu filleadh abhaile freisin. Chun peirspictíocht níos cobhsaí agus níos buanseasmhaí a chur ar fáil, tá an Coimisiún tiomanta do thacú le daoine easáitithe ón Úcráin cinntí eolasacha a dhéanamh faoina dtodhchaí.

### *3.1 Tacú leis na Ballstáit maidir le hÚcránaigh easáitithe a chuimsiú san Aontas*

Tá an fhostaíocht agus an t-oideachas i gcroílár na gceart a dtairbhíonn daoine easáitithe ón Úcráin díobh san Aontas, chomh maith le cóiríocht, cúram sláinte agus cúnamh sóisialta. Na hiarrachtaí chun rochtain ar an margadh saothair a sholáthar agus chun rochtain ar oideachas a thabhairt faoi na coinníollacha céanna le náisiúnaigh an Aontais, rachaidh siad chun tairbhe dóibh siúd atá incháilithe agus a roghnaíonn fanacht san Aontas amach anseo, agus dóibh siúd a fhillfidh abhaile.

Chuir rochtain **ar fhostaíocht** go mór le cuidiú le daoine easáitithe ón Úcráin a n-áit a aimsiú ina sochaithe óstacha, rud a chuireann go dearfach le pobail áitiúla. Tá obair chun cosc a chur ar chailliúint scileanna comhcheangailte le cabhair do dhaoine easáitithe a bhain cáilíochtaí Eorpacha amach chun fostaíocht oiriúnach a aimsiú san Úcráin. Tá tionscnaimh agus cistiú ar leibhéal an Aontais ag tacú le hiarrachtaí na mBallstát daoine easáitithe ón Úcráin a imeascadh i margadh saothair an Aontais[12]. Tá ról lárnach ag seirbhísí poiblí fostaíochta i mbeartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair chun an úsáid is fearr a bhaint as scileanna na gcuardaitheoirí poist, chun meaitseáil sa mhargadh saothair agus malartú dea-chleachtas agus faisnéise a áirithiú. Leis an gcomparáid a suíodh in 2023 idir an Creat Eorpach um Cháilíochtaí agus creat náisiúnta cáilíochtaí na hÚcráine, rannchuidítear le himeascadh níos rianúla i margadh saothair an Aontais. Ina theannta sin, sheol an Coimisiún Tionscnamh Píolótach Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh[13] atá gréasánbhunaithe chun cuidiú le cuardaitheoirí poist

[11] Féach Cás C-753/23 mír 30 i ndáil leis sin.

[12] Féach an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Treoraíocht um rochtain ar an margadh saothair, ar ghairmoideachas agus gairmoiliúint agus ar oideachas aosach le haghaidh daoine atá ar a dteitheadh ó chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.

[13] Tionscnamh Píolótach Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh.

easáitithe ón Úcráin a mheaitseáil le folúntais a fhoilsíonn fostóirí an Aontais. Cuireann Euraxess, ardán an Aontais le haghaidh fostaíocht sa taighde agus sa nuálaíocht, deiseanna sonracha fostaíochta ar fáil do thaighdeoirí Úcránacha faoina thionscnamh ERA4Ukraine, lena n-áirítear i bhfoirne na Comhairle Eorpaí um Thaighde.

I mí an Mhárta 2025, bhí 1,3 milliún mionaoiseach easáitithe[14] ón Úcráin ag tairbhiú de chosaint shealadach, lena n- áirítear 840 000 **leanbh** in aois éigeantach scoile[15]. Meastar go bhfuil 700 000 díobh cláraithe i scoileanna áitiúla, ó oideachas agus cúram na luath-óige go dtí an t-oideachas meánscoile uachtaraí ar fud an Aontais[16]. Le tacaíocht ó chreat straitéiseach an Limistéir Eorpaigh Oideachais, tacaíonn an tAontas leis na Ballstáit trí threoraíocht bheartais, piarfhoghlaim, ardáin ar líne, maoiniú – go háirithe Erasmus+ – agus bailiú sonraí, chomh maith le malartú dea-chleachtas. Trí naisc a choinneáil ar bun le teanga agus cultúr na hÚcráine, cuideofar le hath-imeascadh i gcóras oideachais na hÚcráine. Go háirithe, tacaíonn rochtain ar an saol cultúrtha le folláine mhothúchánach freisin, le tacaíocht ó Eoraip na Cruthaitheachta atá dírithe ar imeascadh sóisialta agus cultúrtha daoine easáitithe a éascú. Le Socrú Comhair 2023 maidir le hOideachas idir an Coimisiún agus Aireacht Oideachais agus Eolaíochta na hÚcráine, spreagtar go sonrach clárú i scoileanna na dtíortha óstacha agus aitheantas frithpháirteach do cháilíochtaí acadúla. Tá bearta curtha i bhfeidhm ag rialtas na hÚcráine cheana féin chun a chinntiú go n- aithneofar go héasca an t-oideachas atá faighte acu agus daoine ag filleadh ar an Úcráin.

Tá an tAontas ag tacú leis na Ballstáit a bhfuil daoine easáitithe ón Úcráin á n- óstáil acu trí **chistiú ón Aontas**, go háirithe faoi na Cistí Gnóthaí Baile ábhartha agus faoi chistiú ábhartha de chuid an bheartais chomhtháthaithe[17]. Leis na féidearthachtaí cistiúcháin sin, cuirtear an tsolúbthacht ar fáil chun comhthéacsanna náisiúnta sonracha agus riachtanais airgeadais shonracha a léiriú, lena n- áirítear chun na tairbhithe cosanta sealadaí a imeascadh. Leis an mbeartas comhtháthaithe, soláthraíodh EUR 13,6 billiún de leachtacht bhreise do na Ballstáit a fhreastalaíonn ar dhaoine ón Úcráin, agus rinneadh EUR 1,4 billiún eile a ath-leithdháileadh sna cláir chistiúcháin atá ann cheana chun tacaíocht dhíreach a sholáthar do dhaoine easáitithe ón Úcráin. Tá EUR 3 bhilliún breise á chur ar fáil ag an Aontas go dtí deireadh 2027, chun tacú leis na Ballstáit an Comhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann a chur chun feidhme agus chun freastal ar thairbhithe cosanta sealadaí. Cuirfear thart ar EUR 1 bhilliún ón athbhreithniú meántéarma ar chláir na mBallstát ar fáil don tréimhse chéanna freisin chun aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí ábhartha faoin gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (AMIF), lena n-áirítear tairbhithe cosanta sealadaí a óstáil.

### *3.2 Tacú le Moil Aontachta a chruthú*

Tar éis thionscnamh Aire Aontachta Náisiúnta na hÚcráine lárionaid a bhunú san Aontas a d'fhéadfadh cuidiú le nasc a choinneáil ar bun le hÚcránaigh atá ina gcónaí ar an gcoigríoch, ghlac roinnt Ballstát leis an smaoineamh sin agus tá Moil Aontachta á mbunú acu ar a gcríoch faoi láthair. Déanann Moil Aontachta faisnéis, atreoruithe agus comhairle a sholáthar do dhaoine easáitithe ón Úcráin. Chomh maith le filleadh na ndaoine ar mian leo filleadh ar an Úcráin a éascú, is féidir leis sin tacú freisin le himeascadh na ndaoine sin ar mian leo fanacht i sochaithe óstacha agus sa mhargadh saothair, agus a gcuid scileanna a fhorbairt agus a úsáid ar bhealach níos fearr.

---

[14] Eurostat | Sonraí.

[15] Tá an meastachán ar an líon leanaí atá in aois éigeantach scoile bunaithe ar an Tuarascáil Faireacháin ar Oideachas agus Oiliúint 2023: *Education and training monitor 2023* [Tuarascáil Faireacháin ar Oideachas agus Oiliúint 2023] - Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh.

[16] *The inclusion of displaced children from Ukraine in EU education systems* [Cuimsiú leanaí easáitithe ón Úcráin i gcórais oideachais an Aontais].

[17] Gníomhaíocht Chomhtháthaithe le haghaidh Dídeanaithe san Eoraip, an pacáiste ar a dtugtar 'CARE' (CARE, CARE plus agus Fast-CARE).

Chun cuidiú le Moil Aontachta a mhaoiniú, is féidir leis na Ballstáit leas a bhaint as clár an Chiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht. Is féidir le heagraíochtaí idirnáisiúnta, amhail UNHCR, an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce agus an Lárionad Idirnáisiúnta um Fhorbairt Beartas Imirce, tacú freisin le daoine easáitithe ón Úcráin cinntí eolasacha deonacha a dhéanamh maidir le fanacht i dtíortha óstacha nó filleadh ar an Úcráin, trí fhaisnéis agus comhairleoireacht chruinn agus neamhspleách a sholáthar. Moltar do na Ballstáit úsáid a bhaint as an eolas, na hacmhainní agus na líonraí a chuireann na heagraíochtaí sin ar fáil, chomh maith leis an tacaíocht a chuireann tíortha comhpháirtíochta ar fáil, chun an leas is fearr is féidir a bhaint as na Moil Aontachta.

Chun tacú le bunú Mol Aontachta, ceapfaidh an Coimisiún Toscaire Speisialta d'Úcránaigh san Aontas, a mbeidh sé de chúram air comhordú a dhéanamh le hionadaithe náisiúnta sna Ballstáit, le heagraíochtaí idirnáisiúnta ar féidir leo seirbhísí faisnéise agus comhairleoireacht maidir le filleadh a sholáthar – go háirithe UNHCR, IOM agus ICMPD – chomh maith leis an Aireacht Aontachta Náisiúnta san Úcráin. Fónfaidh an tArdán Dlúthpháirtíochta – an Úcráin[18] mar fhóram comhordúcháin ar leibhéal na saineolaithe freisin. Leis an Ardán, tugtar le chéile an Coimisiún, na Ballstáit, agus eagraíochtaí idirnáisiúnta, chomh maith le húdaráis na hÚcráine. Tríd an Ardán Dlúthpháirtíochta, éascóidh an Coimisiún malartú faisnéise agus comhordú beart tacaíochta freisin, agus forléargas á choinneáil aige i gcónaí ar an gcúnamh a chuirtear ar fáil ar fud na mBallstát, chun inchreidteacht agus comhsheasmhacht a áirithiú. Beidh sé d'aidhm aige iarrachtaí na bpáirtithe leasmhara éagsúla a chuíchóiriú agus feasacht a mhúscailt maidir lena thábhachtaí atá sé cuidiú leis na pobail áitiúla san Úcráin a bheith réidh le haghaidh filleadh. Trí thacaíocht a dhíriú ar phobail áitiúla, neartófar an comhtháthú sóisialta san Úcráin. Leanfaidh an Coimisiún de shaineolas teicniúil agus beartais a tharraingt le chéile le haghaidh oibríochtú éifeachtúil na Mol Aontachta, chomh maith le bearta comhfhreagracha ó údaráis na hÚcráine a spreagadh.

San Úcráin, is í an Ghníomhaireacht Aontachta Náisiúnta, mar phríomhchomhlacht cur chun feidhme na hAireachta Aontachta Náisiúnta san Úcráin, a bheidh ina contrapháirt ar na Moil Aontachta. Tacóidh an Ghníomhaireacht le Moil Aontachta a bhunú san Aontas agus éascóidh sí tionscnaimh níos leithne a bhfuil sé d'aidhm acu comhtháthú náisiúnta a neartú, naisc chultúrtha agus shibhialta le pobal na hÚcráine a chur chun cinn, agus tacú le hiarrachtaí maidir le filleadh deonach agus ath-imeascadh.

Déanfaidh an Coimisiún tacaíocht theicniúil thiomnaithe a sholáthar freisin don Aireacht Aontachta Náisiúnta nuabhunaithe. Cuirfidh sé sin lena cumas Moil Aontachta a bhunú, chomh maith le seirbhísí san Úcráin dóibh siúd atá ag dul ar ais, agus chun comhordú a dhéanamh le hoifigí ábhartha amhail na Seirbhísí Fostaíochta Stáit. Chun feabhas a chur ar chomhordú foriomlán tionscnamh agus a áirithiú go mbeidh faisnéis ar fáil do na daoine a bheidh ag filleadh, tairbheoidh an Aireacht Aontachta Náisiúnta freisin de thacaíocht chun tosaíochtaí téarnaimh agus athchóirithe a dhearadh agus a chur chun feidhme atá tábhachtach dóibh siúd a théann ar ais, rud a chomhlánóidh tacaíocht bhuiséadach agus cúnamh teicniúil an Aontais a chuideoidh le téarnamh na hÚcráine agus le nuachóiriú a dhéanamh ar na seirbhísí is gá le haghaidh ath-imeascadh, amhail tithíocht, oideachas agus fostaíocht.

### *3.3 Tacaíocht ón Aontas don ath-imeascadh san Úcráin*

Is iad muintir na hÚcráine is mó a spreagann téarnamh agus atógáil na hÚcráine. Mar sin féin, tá an fhéidearthacht maidir le dul ar ais ag brath go mór ar fhorbairt na gcoinníollacha

[18] Bunaíodh an tArdán Dlúthpháirtíochta i mí an Mhárta 2022 chun cur chun feidhme fhorálacha na Treorach um Chosaint Shealadach a chinntiú. Is é an breisluach a bhaineann leis ná comhordú foriomlán fhreagairt an Aontais ar fhogha na Rúise faoin Úcráin, trí spás neamhfhoirmiúil a chur ar fáil chun freagairtí oibríochtúla agus beartais ó na príomhpháirtithe leasmhara a ailíniú go tapa.

sábháilteachta agus slándála taobh istigh den Úcráin, agus ar rochtain ar shlite beatha agus ar thithíocht dóibh siúd atá ag filleadh abhaile ó thaobh istigh den Úcráin nó taobh amuigh di.

Cé go bhfuil an tsábháilteacht fíor-riachtanach chun go bhfillfidh daoine abhaile, ní mór gur léir dóibh todhchaí san Úcráin freisin – tá áit chónaithe, bonneagar ceart, lena n-áirítear bonneagar fuinnimh feidhmiúil lena n-áirithítear rochtain ar sheirbhísí bunúsacha agus ar sheirbhísí bunriachtanacha, rochtain ar oideachas agus deiseanna oibre ardcháilíochta de dhíth orthu. Is spriocanna lárnacha iad sin de chuid thacaíocht an Aontais. Ní mór an comhtháthú sóisialta a chur san áireamh go cúramach freisin agus tacaíocht á tabhairt d'fhilleadh ar an Úcráin, chun a áirithiú go dtabharfar an aird chéanna ar riachtanais na ndaoine a d'fhan san Úcráin agus ar riachtanais an daonra atá ag filleadh araon.

Beidh **margadh saothair dea-fheidhmiúil na hÚcráine** ríthábhachtach chun caipiteal daonna a mhealladh – agus a choinneáil – agus, dá bhrí sin, beidh sí ríthábhachtach d'atógáil, d'fhás agus d'fhorbairt shóisialta na tíre. Beidh deiseanna fostaíochta ardcháilíochta, le dálaí maithe oibre, fíor-riachtanach chun lucht saothair a raibh tionchar mór ag an gcogadh orthu a athbhunú, agus chun feabhas a chur ar an saol san Úcráin. Le tacaíocht ón Aontas, mar chuid den phróiseas maidir le haontachas leis Aontas, tá an Úcráin ag nuachóiriú a reachtaíochta chun í a ailíniú le *acquis* an Aontais. I measc na bpríomhchéimeanna tá obair leanúnach chun Cód Saothair nua a fhorbairt, Straitéis nua Fostaíochta, agus bailchríoch a chur ar dhlí nua maidir leis an nGairmoideachas, a d'fhéadfadh rannchuidiú le haghaidh a thabhairt ar an nganntanas lucht saothair oilte agus ar mhímheaitseáil scileanna. Le rannpháirtíocht na hÚcráine sa tsraith maidir le Fostaíocht agus Nuálaíocht Shóisialta de Chiste Sóisialta na hEorpa Plus[19], beidh eintitis na hÚcráine in ann a bheith rannpháirteach i nglaonna ar thograí le haghaidh tionscadail atá maoinithe ag an Aontas. Tacaíonn an Chomhghuaillíocht Scileanna don Úcráin, faoi chomhthreorú na hÚcráine agus na Gearmáine[20], le deiseanna oiliúna do dhaoine ón Úcráin freisin.

Ó thaobh an **chistithe** de, go dtí seo is fiú beagnach EUR 148 billiún san iomlán tacaíocht an Aontais don Úcráin ó thosaigh cogadh foghach na Rúise. Leagtar amach i b**Plean na hÚcráine**[21], ar dlúthchuid den t**Saoráid don Úcráin**[22] é, athchóirithe agus infheistíochtaí criticiúla chun na dálaí cearta a chothú do dhaoine easáitithe chun filleadh abhaile. Soláthraíonn sé sruth intuartha insreafaí airgeadais don Úcráin, agus an tráth céanna cuireann sé príomh-athchóirithe chun cinn le linn na tréimhse ó 2024 go 2027. Mar chuid de na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí, dírítear ar chuidiú le daoine filleadh ar an Úcráin agus tacú le hath-imeascadh ina dtír dhúchais agus sa mhargadh saothair. Le Plean na hÚcráine, cuirtear de cheangal ar an Úcráin infheistíocht a dhéanamh san oideachas (EUR 650 milliún faoi 2027), sa chúram sláinte (EUR 400 milliún faoi 2027) agus sa bhonneagar sóisialta (EUR 350 milliún faoi 2027). Déantar 20 % ar a laghad den tacaíocht neamh-inaisíoctha faoi Phlean na hÚcráine

[19] Tá an comhaontú go nglacfaidh an Úcráin páirt sa tsraith maidir le Fostaíocht agus Nuálaíocht Shóisialta faoi chaibidil.

[20] Glacann an Coimisiún páirt mar bhreathnóir i meithleacha na Comhghuaillíochta Scileanna. Tá os cionn 70 eagraíocht ar fud an domhain páirteach ann.

[21] Is é Plean na hÚcráine straitéis athchóirithe agus infheistíochta na hÚcráine le haghaidh 2024-2027, rud a réitíonn an bealach d'íocaíochtaí tráthrialta ráithiúla faoin tSaoráid don Úcráin faoi réir ceanglais a comhaontaíodh roimh ré a bheith á gcomhlíonadh ag an Úcráin. Áirítear ann, i measc nithe eile, athchóirithe atá dírithe ar chaipiteal daonna, amhail straitéis dhéimeagrafach, straitéis fostaíochta, feabhsuithe ar oideachas, cúram sláinte etc.

[22] Is ionstraim ríthábhachtach í an tSaoráid don Úcráin i straitéis an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin ilghnéitheacha atá os comhair na hÚcráine tar éis chogadh foghach na Rúise. Leis an sásra tacaíochta tiomnaithe sin, a tháinig i bhfeidhm an 1 Márta 2024 agus lena gcumhdaítear na blianta 2024 go 2027, cuirtear suas le EUR 50 billiún de thacaíocht airgeadais ar fáil.

- tuairim agus EUR 1 bhilliún - a leithdháileadh ar riachtanais na n-údarás fonáisiúnta, go háirithe i ndáil le féinrialú áitiúil.

Tá ról ríthábhachtach ag an g**Creat Infheistíochta don Úcráin**[23] maidir le caipiteal daonna a chaomhnú agus dálaí a chruthú don fhilleadh. Is earnálacha tosaíochta iad an t-oideachas, an tithíocht, an cúram sláinte, an geilleagar cúraim agus an chosaint shóisialta. Tacaíonn tionscadail leanúnacha le bonneagar bardasach a athbhunú agus cuidíonn siad le gnólachtaí atá thíos leis an gcogadh a mhaoiniú. Tacófar le cláir infheistíochta nua ar glacadh leo i mí an Mhárta 2025 le riachtanais tithíochta, agus áireofar sna glaonna a dhéanfar amach anseo rochtain ar mhaoiniú agus ar phoist do ghrúpaí leochaileacha, lena n-áirítear fillithe.

Mar chuid de thionscnamh **G7 maidir le hIasachtaí lena nGéaraítear an tIoncam Urghnách don Úcráin** (EUR 45 bhilliún), tá EUR 18,1 billiún de chúnamh macrairgeadais á chur ar fáil ag an Aontas don Úcráin mar thacaíocht bhuiséadach dhíreach do riachtanais airgeadais phráinneacha na tíre. Tá iasachtaí an Aontais agus G7 le haisíoc le fáltais ó shócmhainní blocáilte de chuid Bhanc Ceannais na Rúise atá á sealbhú san Aontas.

Is féidir le tionscadail **cúnaimh theicniúil** atá ar siúl san Úcráin tús áite a thabhairt do thacaíocht d'ath-imeascadh daoine atá ag filleadh abhaile. Tá tacaíocht á cur ar fáil ag an Aontas trí thionscnaimh amhail Skills4Recovery[24], lena dtacaítear le cláir shaincheaptha ghairmoideachais agus ghairmoiliúna, agus EU4Business[25], lena n-áirítear comhairle nó fothú acmhainneachta do FBManna ar mian leo filleadh[26]. Is féidir leis na tionscadail sin, agus tionscadail a bheidh ann amach anseo, tacú leis an Aireacht Aontachta Náisiúnta, chun a chur ar a gcumas do dhaoine atá ag dul ar ais go dtí an Úcráin gnólachtaí a bhunú, seirbhísí fostaíochta saincheaptha a fháil agus páirt a ghlacadh i gcláir Ghairmoideachais agus Ghairmoiliúna.

Chuir tacaíocht an Aontais le hathléimneacht na tíre agus **chuidigh sí le daoine leanúint dá saol san Úcráin**. Thacaigh Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta le riachtanais chumhachta 6,5 milliún duine, agus chuidigh an tSaoráid don Úcráin le trealamh scriosta a dheisiú. Thacaigh cabhair dhaonnúil an Aontais le muintir na hÚcráine sna hearnálacha seo a leanas: dídean, uisce, sláintíocht agus sláinteachas, cosaint, bunriachtanais, sláinte, gníomhaíocht mhianach agus oideachas i gcásanna éigeandála, lena n-áirítear athshlánú scoileanna. Dheonaigh an tAontas agus na Ballstáit níos mó ná 370 bus scoile chun cuidiú le leanaí dul ar scoil. Chuidigh Erasmus+ le breis agus 1,5 milliún téacsleabhar a phriontáil ó thús an chogaidh, agus tá sé ag tacú le tionscadail fothaithe acmhainneachta in earnálacha an oideachais, na hoiliúna, na hóige agus an spóirt, chun soláthar deiseanna ardcháilíochta sa tír a neartú. Tá bearta curtha i bhfeidhm ag rialtas na hÚcráine cheana féin chun a áirithiú go n- aithneofar go

[23] Tá an Creat Infheistíochta don Úcráin mar chuid den tSaoráid don Úcráin dar luach EUR 50 billiún, a ceapadh chun infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha a mhealladh le haghaidh théarnamh agus atógáil na hÚcráine. Tá ionstraimí airgeadais dar luach EUR 9,3 billiún san iomlán bronnta air, mar atá EUR 7,8 billiún i ráthaíochtaí iasachta agus EUR 1,5 billiún i maoiniú cumaiscthe. Is é is aidhm dó EUR 40 billiún d'infheistíochtaí a shlógadh don téarnamh, don atógáil agus don nuachóiriú.

[24] Tá an Ghníomhaíocht Chomhpháirteach Skills4Recovery á maoiniú ag an Aontas, ag an nGearmáin, ag an bPolainn agus ag an Eastóin. Is iad Gníomhaireacht na Gearmáine um Chomhar Idirnáisiúnta (GIZ) agus Ciste Dlúthpháirtíochta PL (SFPL) a chuireann chun feidhme é. Thionscain Rialtas na Gearmáine Skills4Recovery in 2023.

[25] Is brat- tionscnamh é EU4Business a chuimsíonn tacaíocht uile an Aontais d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) i dtíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir, trí rochtain ar mhaoiniú agus ar sheirbhísí forbartha gnó a fheabhsú.

[26] Scaiptear an tacaíocht go háitiúil: Soláthraíonn U-LEAD leis an Eoraip, a bhfuil 24 oifig réigiúnacha aige, bearta fothaithe acmhainneachta lena gcumhdaítear raon feidhme iomlán na bhfreagrachtaí bardasacha le linn an chogaidh fhoghaigh agus an téarnaimh.

héasca an t-oideachas atá faighte acu agus daoine ag filleadh ar an Úcráin[27]. Trí chultúr agus oidhreacht na hÚcráine a chosaint agus a athbhunú, éascófar ath-imeascadh soch-chultúrtha daoine atá ag dul ar ais.

Is foinse ioncaim iad **seoltáin** ó mhuintir easáitithe de chuid na hÚcráine atá ina gcónaí san Aontas lenar féidir tacú le geilleagar na hÚcráine agus rannchuidiú le hatógáil na tíre. In 2024, insreafaí seoltáin ón Aontas a bhí in 3,26 % de OTI na hÚcráine, nó thart ar EUR 5,6 billiún, de réir sonraí ó Bhanc Náisiúnta na hÚcráine (NBU). Chuaigh an Coimisiún i dteagmháil leis an tionscal íocaíochta chun cleachtais a chur chun cinn lena ndéantar seoltáin níos inacmhainne agus níos inrochtana, mar aon le treoraíocht chun íocaíochtaí a éascú idir an tAontas agus críocha uile na hÚcráine atá faoi rialú an rialtais. Leanann an Coimisiún de thacaíocht a thabhairt d'iarrachtaí na hÚcráine a hiarratas a ullmhú chun dul isteach i raon feidhme geografach scéimeanna an Limistéir Aonair d'Íocaíochtaí Euro, rud a d'éascódh aistrithe trasteorann a thuilleadh.

Leis na bearta maidir le comhtháthú níos dlúithe na hÚcráine le margadh aonair an Aontais a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta Tosaíochta um Limistéar Domhain Cuimsitheach Saorthrádála (**LDCST**), mar aon leis na hathchóirithe faoi Phlean na hÚcráine, soláthrófar bonn don fhás eacnamaíoch inbhuanaithe agus do dheiseanna fostaíochta, trí bhearta amhail feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó. Bunaithe ar loighic 'mhórbhealach an mhargaidh aonair', cothófar naisc leis an Úcráin freisin d'fhonn bacainní ar thrádáil a laghdú, nascacht a mhéadú agus borradh a chur faoin gcomhtháthú eacnamaíoch réigiúnach.

## 4. AN BEALACH A RÉITEACH D'AISTRIÚ RIANÚIL COMHORDAITHE AMACH AS COSAINT SHEALADACH

Bhí sé i gceist leis an gcosaint shealadach faoiseamh a thabhairt láithreach do dhaoine atá ar a dteitheadh ó chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Is léiriú i gcónaí é gníomhachtú na Treorach um Chosaint Shealadach ar aontacht an Aontais agus ar an dlúthpháirtíocht le muintir na hÚcráine.

Mar sin féin, is de chineál sealadach í an chosaint shealadach. Tráth éigin amach anseo, nuair a fhágfaidh na himthosca go mbeidh cinnteacht leordhóthanach ann maidir leis an staid san Úcráin, agus go háirithe an chonclúid go mbeidh dálaí sábháilte marthanacha ann maidir le filleadh, ní bheidh gá a thuilleadh leis an gcreat cosanta sealadaí. Ba cheart do na Ballstáit a bheith réidh don athrú sin a luaithe a thiocfaidh an t-athrú sin i bhfeidhm.

Ó bhí 2022 ann, tá creat dlíthiúil na cosanta sealadaí curtha le chéile ag an Aontas le gníomhaíocht thiomnaithe chun tacú leis na Ballstáit cúram a thabhairt do dhaoine easáitithe a thagann ón Úcráin agus chun cuidiú lena gcuimsiú i sochaithe an Aontais. I bhfianaise an easáitithe fhada agus scála agus chastacht na staide reatha, tá sé in am tús a chur le cur chuige níos saincheaptha a fhorbairt, a bheidh oiriúnaithe níos fearr do chás na ndaoine atá ag tairbhiú de chosaint shealadach faoi láthair, agus an aidhm bhreise ann an brú atá ar sochaithe óstacha a laghdú.

Dá bhrí sin, tá **togra le haghaidh Moladh ón gComhairle** á chur i láthair ag an gCoimisiún ina leagtar amach na príomhghnéithe de fhreagairt chomhordaithe réamhbhreathnaitheach ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, chun go mbeidh na Ballstáit in ann bearta idirthréimhseacha a chur i bhfeidhm.

[27] Sainordaítear le reachtaíocht ó mhí an Mhárta 2025 aitheantas a thabhairt do thorthaí foghlama a fuarthas ar an gcoigríoch, lena n-áirítear oideachas neamhfhoirmiúil amhail cúrsaí agus seimineáir ar líne. D'eisigh údaráis na hÚcráine treoraíocht freisin do scoileanna na hÚcráine maidir le measúnú a dhéanamh ar thorthaí foghlama a baineadh amach ar an gcoigríoch, lena áirithiú gur féidir le daltaí a d'fhreastail ar scoileanna áitiúla san Aontas leanúint dá n-oideachas ar fhilleadh ar an Úcráin dóibh.

### *4.1 Aistriú ó chosaint shealadach go stádais cónaithe dhlíthiúil eile*

Dá ndéanfaí aistriú ó chosaint shealadach, sholáthrófaí deimhneacht dhlíthiúil agus ionchais mharthanacha dá tairbhithe. Trí pheirspictíocht níos fadtéarmaí níos soiléire a shainiú, seachnófar freisin brú breise ar chórais náisiúnta tearmainn atá faoi bhrú cheana féin.

Le himeacht ama, tá tairbhithe cosanta sealadaí tagtha chun bheith mar chuid de chreatlach shóisialta agus eacnamaíoch na mBallstát. Dá réir sin, molann an Coimisiún do na Ballstáit cead a thabhairt do thairbhithe cosanta sealadaí **aistriú chuig stádais cónaithe dhlíthiúil náisiúnta**, go háirithe iad siúd a bhaineann le cúiseanna fostaíochta, oideachais nó teaghlaigh. Chuirfeadh sé sin an fhéidearthacht ar fáil do thairbhithe cosanta sealadaí leas a baint as stádas níos cobhsaí ina mBallstáit óstacha lena léireofaí a staid iarbhír ar bhealach níos fearr.

Bunaithe ar reachtaíocht an Aontais atá ann cheana, níl tairbhithe cosanta sealadaí incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar **stádais chónaithe a shainítear faoi Threoracha an Aontais maidir le himirce dhleathach**. Chun tacú le tairbhithe cosanta sealadaí roghanna eolasacha a dhéanamh agus chun deiseanna malartacha a thabhairt dóibh, tá an Coimisiún ag spreagadh na mBallstát, go háirithe i gcás nach bhfuil rochtain ar stádais dhlíthiúla náisiúnta indéanta, a chur ar a gcumas do thairbhithe cosanta sealadaí agus a cháileodh murach sin le haghaidh stádas eile bunaithe ar dhlí an Aontais aistriú chuig stádais eile trí iarratas a dhéanamh ar údaruithe faoin Treoir maidir le Cárta Gorm AE, faoin Treoir maidir le Cead Aonair agus faoin Treoir maidir le Mic Léinn agus Taighdeoirí[28]. Tríd an méid sin a dhéanamh, thacódh na Ballstáit le himeascadh inbhuanaithe tairbhithe cosanta sealadaí ina dtíortha óstacha, lena n-áirítear sa mhargadh saothair, agus chuirfeadh siad úsáid níos éifeachtúla a gcuid scileanna chun cinn.

### *4.2 Ullmhú le haghaidh filleadh de réir a chéile ar an Úcráin agus ath-imeascadh inbhuanaithe ann*

Ní mór don Aontas agus do na Ballstáit a bheith réidh chun tacú le daoine a rachaidh ar ais chuig an Úcráin anois agus amach anseo. Molann an Coimisiún do na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh chun filleadh agus ath-imeascadh de réir a chéile agus ordúil a áirithiú, nuair atá an t-am ceart agus riachtanais agus acmhainneachtaí na hÚcráine á gcur san áireamh. Moltar do na Ballstáit, chomh maith leis an Úcráin, leas iomlán a bhaint as na huirlisí atá ar fáil cheana ar leibhéal an Aontais Eorpaigh.

Ba cheart an deis a bheith acu siúd atá ag smaoineamh ar fhilleadh abhaile chun na hÚcráine cinntí eolasacha a dhéanamh. Chun a áirithiú go mbeidh comhdheiseanna ag gach duine, moltar do na Ballstáit cur chuige solúbtha ach struchtúrtha a chur ar fáil maidir le **cuairteanna taiscéalaíocha a thabhairt ar an Úcráin**. D’fhéadfadh na turais sin cuidiú le daoine seiceáil a dhéanamh ar a dteaghlaigh, ar a dtithe, nó ar an staid ina bpobail, sula gcinnfidh siad filleadh.

Chun tacú leo siúd ar mian leo filleadh abhaile, molann an Coimisiún freisin go gceapfaí go cúramach **cláir um fhilleadh deonach**[29] na mBallstát a cheadaítear faoin Treoir um Chosaint Shealadach. Is bealaí praiticiúla iad sin chun cuidiú le daoine filleadh abhaile go sábháilte agus le dínit. Ba cheart na cláir sin a phleanáil go maith agus a chur in iúl go soiléir. Ba cheart dóibh an staid san Úcráin, riachtanais na ndaoine atá ag filleadh, agus an tionchar ar phobail áitiúla a chur san áireamh. Ba cheart é a bheith d’aidhm ag na cláir sin tacú leis an gcomhtháthú sóisialta

---

[28] Treoir (AE) 2021/1883 maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe do náisiúnaigh tríú tír chun críche fostaíocht dár gá ardcháilíochtaí; Treoir 2011/98/AE maidir le nós imeachta um iarratas aonair le haghaidh cead aonair do náisiúnaigh tríú tír chun cónaí agus obair a dhéanamh i gcríoch Bhallstáit agus maidir le tacar coiteann de chearta d’oibrithe tríú tír a bhfuil cónaí dlíthiúil orthu i mBallstát; Treoir (AE) 2016/801 maidir leis na coinníollacha iontrála agus cónaithe i gcás náisiúnaigh tríú tír chun críoch taighde, staidéir, oiliúna, seirbhíse deonaí, scéimeanna malartaithe daltaí nó tionscadal oideachais agus socrúchán *au pair* (athmhúnlú).

[29] Ní mheasfar iad sin a bheith ina gcláir faoin Treoir um Fhilleadh, ós rud é go bhfuil na daoine lena mbaineann ina gcónaí go dleathach sa Bhallstát óstach go dtí deireadh na cosanta sealadaí agus toisc nach bhfuil gá le haon chinneadh um fhilleadh.

agus gan brú a chur ar phobail atá thíos cheana féin le cogadh foghach na Rúise. Chun an t-ualach riaracháin a bhaineann le gach cás a láimhseáil ina aonar a laghdú, molann an Coimisiún do na Ballstáit leanúint de shíneadh a thabhairt do dhaoine i gcláir um fhilleadh deonach maidir leis na cearta a bhí acu mar thairbhithe cosanta sealadaí go dtí go bhfillfidh siad ar an Úcráin, nó go dtí deireadh na tréimhse dá bhforáiltear faoin gclár um imeacht deonach.

Lenár n-iarrachtaí chun tacú le filleadh sábháilte agus ath-imeascadh daoine easáitithe ón Úcráin, ní mór a áirithiú go gcaithfear le gach duine le dínit agus le cothroime. D'fhéadfadh sé go gciallódh cás aonair roinnt tairbhithe cosanta sealadaí atá ina gcónaí san Aontas nach bhfuil siad incháilithe chun aistriú chuig stádais eile ná chun filleadh ar an Úcráin, mar gheall ar a leochaileacht mar aon leis an bhfíoras go bhféadfadh sé nach mbeadh sé de chumas ag an Úcráin freastal ar a riachtanais díreach tar éis dheireadh na cosanta sealadaí – amhail iad siúd a bhfuil cóir leighis á cur orthu de réir plean. Dá bhrí sin, molann an Coimisiún do na Ballstáit féachaint ar roghanna chun go leanfaidh na daoine leochaileacha sin de bheith ina gcónaí go dleathach san Aontas ar feadh idirthréimhse go dtí go mbeidh sé indéanta dóibh filleadh.

Ar an gcaoi chéanna, níor cheart cur isteach ar oideachas leanaí. Tá sé tábhachtach a áirithiú go gceadófar do leanaí mionaoiseacha a fhreastalaíonn ar scoileanna a n-oideachas a chríochnú i dtimpeallacht chobhsaí, in éineacht lena dteaghlaigh. Is féidir leis na Ballstáit úsáid a bhaint as rialacha na Treorach um Chosaint Shealadach lena gceadófaí do theaghlaigh ina bhfuil leanaí mionaoiseacha atá ar scoil fanacht san Aontas ar feadh na tréimhse ama is gá, go háirithe má thagann deireadh leis an gcosaint shealadach roimh an scoilbhliain.

### *4.3 Soláthar faisnéise, comhordú, faireachán agus malartú sonraí a neartú*

Beidh faisnéis atá soiléir, cruinn agus cothrom le dáta fíor-riachtanach. Moltar do na Ballstáit uirlisí agus bealaí cumarsáide leordhóthanacha a chur ar bun, lena n-áirítear feachtais faisnéise, agus úsáid mhaith á baint acu an tráth céanna as na huirlisí atá ann cheana chun dúbláil a sheachaint, agus as na Moil Aontachta, i gcás ina bhfuil siad ar bun, chomh maith le ról a thabhairt d'eagraíochtaí idirnáisiúnta.

Cé go n-ullmhaíonn Eurostat na staitisticí Eorpacha oifigiúla maidir le cosaint shealadach, chun léiriú staide tráthúil a áirithiú chun críoch oibríochtúil, ceanglaítear ar na Ballstáit a sonraí cosanta sealadaí a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta ar an **Ardán um Chosaint Shealadach**, lena n-áirítear figiúirí maidir le clárúcháin neamhghníomhacha. Ós rud é go mbeidh athruithe nach beag ar stádas daoine easáitithe mar thoradh ar an aistriú amach as cosaint shealadach, tá sé fíor-riachtanach léargas cruinn a fháil ar an staid atá ag teacht chun cinn, agus moltar comhordú agus malartú faisnéise idir na Ballstáit agus údaráis na hÚcráine, lena n-áirítear ar an Ardán Dlúthpháirtíochta.

## 5. CONCLÚID

Leanfaidh an tAontas de thacaíocht bhuanseasmhach a thabhairt don Úcráin a fhad is gá. Cuirfidh an tAontas dídean ar fáil do na daoine easáitithe ón Úcráin fad a bheidh sí ag teastáil uathu.

Táimid tiomanta don Úcráin a athaontú lena muintir, a luaithe a bheidh na dálaí iomchuí slándála agus cobhsaíochta i bhfeidhm. Trí chur chuige céimnithe solúbtha comhordaithe a ghlacadh chun bogadh ar aghaidh ó chosaint shealadach, is féidir linn a chinntiú go gcaithfear le gach duine le dínit agus le hurraim, go dtabharfar aird chuí ar riachtanais agus acmhainneachtaí na hÚcráine, agus nach mbeidh ár gcórais faoi bhrú díréireach.

Leanfaidh an Coimisiún de bheith ag obair i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, le rialtas na hÚcráine agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta, chun a áirithiú go gcomhlíonfar riachtanais na

ndaoine a easáitíodh ón Úcráin chuig an Aontas, agus go mbeidh na hacmhainní agus na huirlisí uile acu chun a saol agus a dtodhchaí a atógáil.